# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí faoi úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí d'obair dhaltaí a mharcáil agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas maidir leis an réimse iomlán freagraí ó iarrthóirí, maidir le leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus maidir leis an ngá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh leaganacha difriúla nó malartacha a bheith inghlactha freisin. Ní mór do scrúdaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir go seachnaítear aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí más tuairimí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart iad. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

**Marcáil:**

- Ba cheart gach script a mharcáil le peann dearg.
- Bronn marc ar gach ceist/roinn de cheist, fiú más é 0 an marc. Scríobh marc os cionn an ábhair. San imeall ar dheis suimigh na marcanna le haghaidh ceiste/focheiste agus cuir líne fúthu.
- Ceartaigh an t-ábhar go léir. Áit a gcuirtear níos mó ábhair ar fáil ná mar a theastaíonn, bronn marc ar an ábhar sin agus tabhair an marc idir lúibíní cearnógacha: [marc]. Ná cuir na marcanna sin san áireamh agus an cheist sin á suimiú agat.
- Áit a n-úsáideann iarrthóir an t-eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, ná glac ach leis an gcéad fhreagra.
- Scríobh líon iomlán na marcanna a fhaightear ar leathanach 1 ag bun an leathanaigh idir lúibíní cruinne. Ina dhiaidh sin, coinnigh iomlán reatha ag bun an leathanaigh idir lúibíní cruinne.
- Suimigh gach ceist (C.1., C.2., C.3.) agus tú ag dul ar aghaidh agus cuir ciorcal timpeall na marcanna sin ag barr an leathanaigh áit a dtosaíonn an cheist.
- Seiceáil faoi dhó an t-iomlán deireanach tríd an suimiú deireanach (bun an leathanaigh) a chur i gcomparáid le líon na marcanna le haghaidh gach ceiste (barr an leathanaigh).
- Ábhar a bhfuil líne curtha trí: más ceart/ábhartha tabhair marc.

**Socrú Réasúnta**: Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Le hobair na n-iarrthóirí á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm. Ciallaíonn sé seo nach ngearrtar pionós ar earráidí litrithe agus i ngnéithe áirithe gramadaí mar chásanna míchearta agus réimnithe. Samhlaigh go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra mar thaifeadadh. Ní cóir marcanna a bhaint ach i gcás botúin a thabharfá faoi deara agus tú ag éisteacht. m.sh. má fhuaimníonn sé ceart, ná gearr pionós.

**Scríobh 'SMM' ar chlúdach na scripte má cuireadh an scéim mharcála leasaithe i bhfeidhm.**

**Teanga an fhreagra:** Má fhreagraítear sa teanga mhícheart:

Má tá freagra i mBéarla de dhíth: NÁ tabhair aon mharcanna (ach amháin sa triail chluastuisceana i gcás nach ngearrtar aon phionós as freagra a thabhairt sa teanga mhícheart)

Má tá freagra i Rúisis de dhíth: NÁ tabhair aon mharcanna

**Cáilíocht an Bhéarla:** Ní bheidh caighdeán an Bhéarla ina fhachtóir mheasúnaithe ach sa mhéid go gcuireann sé isteach ar an gcumarsáid.

**1.** Níor cheart go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt faoi dhearcadh an iarrthóra. Má bhíonn deacracht ag an scrúdaitheoir a chinneadh cad is brí leis an mBéarla, ná tabhair marcanna.

**2.** Tá na húsáidí seo a leanas inghlactha:

- Focail ar "Iasacht" a fhaightear sa Bhéarla caighdeánach (m.sh.*dacha*, *putsch, perestroika, glasnost…*)
- Úsáid acrainmneacha de bhunadh na Rúisise (m.sh. SSSR)
- Úsáid as téarma teicniúil Rúisise ar mhaithe le soiléireacht i ndiaidh leagan Béarla den téarma céanna
- Nuair a léiríonn an freagra ina iomláine úsáid chuí struchtúr agus stór focal an Bhéarla

**An scéim mharcála a dhíchódú:** Léiríonn fleasc [/] roghanna eile, agus déanfaidh aon cheann acu sin cúis.

## ROINN I – 120 MARC

### Ceist 1. Léirthuiscint (40 + 10 = 50 mharc)

- Tabhair **2 mharc** in aghaidh an tsonra. Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.
- Nuair a úsáideann iarrthóir an t-eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann an líon is airde marcanna don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an bhfreagra eile lena thaispeáin gur ábhar dúblach é ar tugadh marcanna ina leith cheana féin.
- I gcás ina gcuirtear gné de fhreagra le fios go soiléir ach nach luaitear é, ná tabhair marcanna ar an ngné sin.
- Sa chás ina gcomhcheanglaíonn iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap i gceann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], agus scileanna maithe sintéisithe a léiriú ar an dóigh sin, tabhair marc ar gach coincheap.

**Ceist 1.1 – Léirthuiscint (téacs) (40 marc)**

**1. (i)** Conas a mhothaíonn na scoláirí faoin g*Clog Deiridh*? Tabhair **trí** shonra. **3 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- Sásta
- Brónach
- Dóchasach
- Imníoch / buairt / sceitimíní
- Mothúchánach / Mothúcháin mheasctha

**1**. **(ii)** De réir an téacs, cá fhad a thógann an fhoghlaim? **1 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- 11 bliana

**1. (iii)** Cathain a dhéantar an searmanas *An Clog Deiridh* a cheiliúradh? Tabhair sonra **amháin**. **1 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- tarlaíonn sé i ndeireadh na Bealtaine / sna laethanta deireanacha de Bhealtaine
- tar éis don scoil bheith críochnaithe
- sula dtosaíonn na scrúduithe

***tabhair 1 mharc:***

- i mí na Bealtaine / lá deireanach de Bhealtaine

**2. (i)** Tabhair **trí** shonra faoi oscailt an tionóil ceiliúrtha ar scoil. **3 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- seasann na daltaí i líne
- tá príomhoide agus múinteoirí na scoile ann
- labhraíonn siad faoi thaithí na ndaltaí / conas a d'fhás siad aníos / cad a d'fhoghlaim siad
- bronnann siad gradaim
- bronnann siad teastais / dioplómaí
- tá céad mhúinteoir na gcéimithe i láthair ag an searmanas
- tugtar cuireadh do dhaltaí na chéad bhliana comhghairdeas a dhéanamh leis na céimithe / tá daltaí na chéad bhliana i láthair

**2. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoin traidisiún a bhaineann leis *An Clog Deiridh* a bhualadh. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- cuireann ceann de na céimithe cailín na chéad bhliana ar a ghualainn/ iompraíonn sé í ar a ghualainn / iompraíonn sé í os comhair na ndaltaí
- buaileann an cailín clog
- iompraíonn sé í thar líne na ndaltaí / gcéimithe

**3. (i)** Déan cur síos ar an gcaoi a nglacann scoláirí atá ag fágáil na scoile páirt sna himeachtaí ceiliúrtha. Tabhair **trí** shonra. **3 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- cuireann siad a ngrá agus a mbuíochas in iúl do na múinteoirí
- cuireann siad ceolchoirmeacha ar siúl (le drámaíochtaí beaga, amhráin agus sceitsí)
- déanann cuid acu aithris ar shearmanas na nOscar
- tá duine éigin i gceannas ar an tsearmanas
- roinnt ceoldrámaí stáitse
- caitheann na daltaí a gculaith scoile
- caitheann siad ribín 'Céimí Scoile'
- ullmhaíonn siad nuachtán na scoile / albam grianghraf / taispeántas /clár fógraí

**3. (ii)**ann roinnt scoileanna isteach bealaí nua chun ceiliúradh a dhéanamh. Tabhair **trí** shonra. **3 x 2 mharc**

***tabhair 2* mharc:**

- toraíocht / cuardach
- tobshlua
- turas / camchuairt
- turais bháid
- imeachtaí carthanachta

**3. (iii)** Ainmnigh ceann **amháin** de na himeachtaí a leanann an ceiliúradh *An Clog Deiridh*. **1 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- Scrúduithe Aontaithe Stáit (ar comhionann le Scrúduithe in Éirinn / na hArdteistiméireachta)
- damhsa céimithe (na deibeanna)

**4.** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanann scoláirí na hArdteistiméireachta in Éirinn a lá deiridh ar scoil a cheiliúradh. Tabhair **trí** shonra. **3 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- tosaíonn sé le bricfeasta
- eagraítear an bricfeasta ag mic léinn níos óige
- duaiseanna d'éachtaí spóirt
- duaiseanna d'éachtaí acadúla
- bíonn Aifreann speisialta reiligiúnach i roinnt scoileanna
- déanann gach scoil iarracht an lá seo a dhéanamh speisialta / nótálta dá céimithe
- cluiche spóirt idir na múinteoirí agus mic léinn na hArdteistiméireachta
- beárbaiciú

**Ceist 1.2 – Feasacht Teanga** **10 marc**

Freagair ceist **AMHÁIN** díobh seo: C. 1.2(i) **nó** 1.2(ii)

**C. 1.2(i)** Sa téacs '*An Clog Deiridh*' aimsigh cúig fhocala bhaineann le '**hOideachas**' agus déan iad a liostú i **Rúisis**.

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **5 x 2 mharc**

**Réimse séimeantach/Семантическое поле:**

- выпускник (-и), выпускной бал, выпускные экзамены
- грамоты
- дети, дипломы, директор, домашние задания, достижения (спортивные, академические)
- звонок
- класс, колокольчик, контрольные работы, кубки
- линейка
- научиться, начальных
- одиннадцатиклассники
- первоклассники (-ца), перемены, призы
- ребята
- собрание, студенты
- уроки, учебный, учёба, ученик (-и), учитель (-ля)
- школа, школьники, школьные (дни, двери), школьная форма
- экзамен, экскурсия

Srl.

**NÓ**

**C. 1.2 (ii)** Meaitseáil na focail, ar roghnaíodh iad ar fad as an téacs, leis na hainmneacha ar ranna cainte. Cuir an uimhir chuí sa cholún sa tábla ar dheis, dar teideal **RANNA CAINTE.**

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **5 x 2 mharc**

**RANNA CAINTE / PARTS OF SPEECH / ЧАСТИ РЕЧИ**

1. aidiacht / adjective / имя прилагательное
2. ainmfhocal / noun / имя существительное
3. forainm / pronoun/ местоимение
4. dobhriathar / adverb / наречие
5. briathar / verb / глагол

| FOCAIL / WORDS / СЛОВА | RANNA CAINTE / PARTS OF SPEECH / ЧАСТИ РЕЧИ |
|---|---|
| Обычно | 4 |
| начинается | 5 |
| девочку | 2 |
| школьную | 1 |
| Неё | 3 |

**Ceist 2. Léirthuiscint** **(40 + 10 = 50 mharc)**

**Ceist 2.1 – Léirthuiscint: Achoimre a Scríobh** **10 x 4 mharc**
Scríobh alt **i nGaeilge** mar fhreagra ar na ceisteanna faoi gach roinn.
Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar scileanna achoimrithe, ar struchtúrú do fhreagra, agus ar do chumas eolas riachtanach a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.

**Tabhair 2 mharc ar gach ceann de 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS tabhair 2 mharc lánroghnacha d'iarrthóirí a dhéanann an méid seo a leanas:**

- *A gcuid smaointe in iúl / a fhorbairt go soiléir.*
- *A sholáthraíonn fianaise ar chumas rudaí a tharraingt le chéile.*
- *A sholáthraíonn sonraí breise.*
- *A thaispeánann an cumas idirdhealú a dhéanamh idir príomhphointí agus sonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha nuair a léiríonn an t-iarrthóir tuiscint dhomhanda ach go ndéanann sé nó sí earráidí sna sonraí/fágann sé nó sí sonraí ar lár nó nuair a bhíonn an t-eolas ábhartha ina bhfreagraí ach go bhfuil easpa comhleanúnachais ann.*

*Ná tabhair aon mharcanna ar shonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Ná tabhair aon mharcanna ar shonraí atá sa cheist.*
*Ní fhéadfar marcanna aonair a thabhairt ar mhionsonraí ach amháin i gcásanna ina bhfuil na sonraí páirteacha intuigthe do chainteoir aonteangach Béarla.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna ar an ábhar) a thabhairt nuair a thugann iarrthóirí fianaise go dtuigeann siad méid suntasach sonraí ach nach bhfuil siad ábalta an méid a thuigeann siad a chur in iúl i mBéarla intuigthe (mar shampla, nuair a chuimsíonn siad líon iomarcach focal Rúisise ina gcuid freagraí).*

*Má theipeann ar iarrthóir gach roinn/fo-roinn de cheist a fhreagairt, ní féidir níos mó ná 1 marc lánroghnach a bhronnadh)*

**Cuid 1.** Cad a cheapann Alexandra dá dul chun cinn i bhfoghlaim an Bhéarla? **10 marc**
Tabhair **ceithre** shonra.
***Mórphointí:***

- le linn 1.5 bliain d'éirigh go maith léi / rinne sí jab maith
- rinne sí staidéar ar Bhéarla i scoil teanga
- d'éirigh sí níos muiníní i gcumarsáid le cainteoirí dúchais / tar éis glao Skype le cailín Meiriceánach
- aithníonn sí go gcuireann gach uair a chaitheann sí ag staidéar ar Bhéarla feabhas ar a torthaí
- i láthair na huaire úsáideann sí Béarla le haghaidh cumarsáid ar líne
- mhothaigh sí compordach leath bliain ó shin
- bhí sí cúthail roimhe sin
- chun litríocht thagartha a léamh
- is fearr léi ailt i mBéarla anois
- roghnaíonn aistriúcháin oiriúnaithe do leibhéal níos airde ná a leibhéal féin
- spreagann daoine san Ollscoil í

***Sonraí tánaisteacha:***

- chuir sí aithne ar dhaoine nua, cuid acu le Béarla
- níor thug sí mórán airde ar staidéar Béarla ar scoil
- ró-ghnóthach san ollscoil
- ba mhaith léi buíochas a ghabháil leis na daoine a chabhraigh léi

**Cuid 2.** Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith dátheangach, dar le Ellina.

**10 marc**

***Mórphointí:***

Buntáistí (luaigh 2 cheann ar a laghad):

- cuireann malartú idir dhá theanga feabhas ar choinneáil cuimhne ar eolas/cuimhníonn sí ar eolas níos fearr
- tá sé níos éasca teangacha iasachta nua a fhoghlaim
- cabhraíonn sé le tuiscint a fháil ar dhaoine ó thíortha eile/teanga choiteann a aimsiú
- tuiscint níos fearr a fháil ar dhaoine

Míbhuntáistí (luaigh 2 cheann ar a laghad):

- éirí mearbhlach le focail / d'fhéadfadh míthuiscint a chruthú nuair a mheasctar suas iad
- tá sé deacair a bheith chomh líofa céanna i dhá theanga
- bíonn claonadh ag an dara teanga á labhairt / á húsáid níos lú / titim chun deiridh
- mothaíonn daoine dátheangacha "idir chultúir" uaireanta / streachlaíonn siad lena bhféiniúlacht

***Sonraí tánaisteacha:***

- labhraíonn sí dhá theanga ó luath-óige

**Cuid 3.** Cad iad na modhanna chun teangacha iasachta a fhoghlaim a sholáthraíonn Vadim? Tabhair **ceithre** shonra. **10 marc**

***Mórphointí:***

- tosaigh ag cumarsáid le cainteoirí dúchais chomh luath agus is féidir
- in ainneoin d'fhoclóir beag / foclóir cúpla céad focal agus dhá aimsir
- Cuir feabhas ar d'fhoclóir agus do ghramadach trí chomhráite
- foghlaim fuaimniú tú féin / ó dhuine dúchais / le múinteoir
- úsáid closleabhar
- déan athrá ar chlos-mhúinteoir
- taifead tú féin ar Dheachtafón
- cuir d'fhuaimniú i gcomparáid
- iarr cabhair ar chainteoir dúchais

**Sonraí tánaisteacha:**

- tá foghlaim fuaimnithe gan mhúinteoir contúirteach ach indéanta
- bain úsáid as cur síos an leabhair agus fuaim chun fuaimniú a fhoghlaim
- tá buanseasmhacht / rialú ag teastáil

**Cuid 4.** Conas is féidir le heolas ar theangacha iasachta a bheith úsáideach, dar le Anastasia? Tabhair **ceithre** shonra. **10 marc**

***Mórphointí:***

- is teanga oibre í an Béarla
- a bheith mar chuid de fhoireann (idirnáisiúnta) (comhghleacaithe)
- cabhraíonn sé le heolas a bhailiú ar líne

- Cuidíonn sé le dlúlth-chaidreamh agus caideamh-ghairmiúil a fhorbairt le comhghleacaithe
- Is fuinneog é isteach i gcultúir eile"
- Cuidíonn sé leat greann / gnéithe aisteacha na náisiúna a bhfuil tú ag foghlaim a dteanga a thuiscint
- Buann labhairt teanga ár bpáirtí thú sa chomhrá
- Ligeann sé duit léargas níos doimhne a fháil ar litríocht / scannáin / ceol / traidisiúin daoine eile
- Agus tú ag taisteal cuidíonn sé le treoracha a iarraidh / áiteanna nua a fheiceáil / comhrá a bheith agat le muintir na háite
- rochtain oscailte ar tharraingí neamh-turasóireachta (i bhfolach ó dhaoine eile)

***Sonraí tánaisteacha:***

- oibríonn sí le Béarla
- tá gach foireann idirnáisiúnta / ionadaithe de náisiúin éagsúla

**Ceist 2.2 – Feasacht Teanga** **(10 marc)**

Freagair ceist **AMHÁIN** díobh seo: C. 2.2(i) **nó** 2.2(ii)

**C. 2.2 (i)** Scríobh síos an t-infinideach/foirm an fhoclóra de na briathra seo a leanas as an téacs:

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **5 x 2 mharc**

| **Briathar/Глагол** | **Infinideach/Инфинитив** |
|---|---|
| поменялось | поменяться |
| общалась | общаться |
| дали | дать |
| использую | использовать |
| улучшает | улучшать |

**NÓ**

**C. 2.2 (ii)** Cuir in iúl tuiseal na n-ainmfhocal i gcló **trom**.

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart,** is féidir freagraí a thabhairt i nGaeilge, i mBéarla nó i Rúisis**:** **5 x 2 mharc**

| **Frása ainmfhoclach/Словосочетание** | **Case/Падеж** |
|---|---|
| после диалога по **скайпу** | Tuiseal tabharthach / Дательный падеж |
| переключаться между **языками** | Tuiseal uirliseach / Творительный падеж |
| запоминает **информацию** | Tuiseal cuspóireach / Винительный падеж |
| в хорошем **учебнике** | Tuiseal réamhfhoclach / Предложный падеж |
| язык **работы** | Tuiseal ginideach / Родительный падеж |

**Ceist 3. Dioscúrsa Leanúnach a Struchtúrú** **(20 marc)**

Déan na míreanna nuachta sa tábla thíos a mheaitseáil leis an roinn cheart sna nuachtáin.

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **10 x 2 mharc**

1. Здоровье
2. Культура
3. Мода
4. Наука
5. Образование
6. Погода
7. Праздники
8. Спорт
9. Транспорт
10. Экология

| | |
|---|---|
| **4** | Европейское космическое агентство сообщает, что телескоп «Хаббл» сделал снимок спиральной галактики на расстоянии 49 миллионов световых лет от Земли в созвездии Золотой Рыбы. |
| **9** | На дублинское метро уже потрачено 300 миллионов евро, но стройка так и не началась. Предполагается, что строительство начнётся в 2025-м году, а закончится в 2035-м. |
| **7** | В июле в окрестностях замка Слейн прошёл фестиваль викингов. Многие гости приехали в исторических костюмах, так что их часто невозможно было отличить от участников. |
| **5** | Ученики начальной школы будут проводить один час в неделю, изучая современный европейский язык, в соответствии с новой программой, которая будет вводится поэтапно, начиная с 2025-го года. |
| **6** | В Калуге на смену тёплым и солнечным дням начала сентября пришли дожди. Завтра воздух прогреется днём до +24 градусов, но уже к концу недели температура опустится до +8 градусов. |
| **3** | В Петербурге известные дизайнеры представили новую коллекцию одежды. Особое внимание привлекли наряды с элементами ручной вышивки. |
| **2** | С 27 ноября по 19 января Оперный театр Корка предлагает посмотреть зрелищную пантомиму «Золушка», которая никого не оставит равнодушным. |
| **10** | Новый проект обещает изменить подход к утилизации одноразовой посуды и упаковки. Теперь упаковка из смеси пластика и бумаги будет перерабатываться в пищу для грибов. |
| **1** | Свёкла тормозит развитие хронических заболеваний и процессы старения. Исследование показало, что антиоксидантные свойства свёклы не утрачиваются при тепловой обработке. |
| **8** | В четверг, 5 декабря, состоялся игровой день 14-го тура регулярного чемпионата Евролиги. В общей сложности было проведено пять матчей. |

**ROINN II GRAMADACH, ÚSÁID TEANGA AGUS** SCRÍBHNEOIREACHT FAOI THREOIR **–** 100 mharc

**Ceist 1. Gramadach** **(30 marc)**

Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail idir lúibíní san fhoirm cheart.

***Nóta:*** *Sa cheacht seo beidh na freagraí ceart nó mícheart:*

- *Má tá an focal mílitrithe / tras-scríofa, ná tabhair marcanna.*
- *Ná tabhair marcanna má thugtar an briathar san aimsir mhícheart.*

**Tabhair 2 mharc in aghaidh na foirme cearta:** **15 x 2 mharc**

В наши дни в Государственном Эрмитаже живут около **(пятидесяти)** котов. Они **(обитают)** в большом кошачьем коридоре длиной почти в 20 километров. В музее животных поселили, чтобы те охраняли картины и книги от **(мышей)** и крыс. Коты попали в Петербург из Казани, потому что о ловкости казанских котов-мышеловов ходили легенды в те времена. Коты быстро навели порядок в **(Зимнем)** дворце, и их стали называть «Охранниками картинных галерей». С тех пор коты **(днём)** и ночью **(берегут)** сокровища нации. Сегодня каждый кот имеет собственный паспорт и внесён в **(специальную)** Книгу учёта. Туда записывают клички всех **(взрослых)** котов и котят, сведения об их повадках и привычках и о том, как именно животное оказалось в музее. Для **(котов)** созданы комфортные условия проживания — в помещении всегда сухо и тепло, у каждого кота есть собственная мисочка и корзинка для сна. **(Всем)** им сделаны прививки и за **(ними)** смотрит ветеринар. Спустя несколько лет службы эрмитажный кот **(идёт)** на пенсию. Как правило, таких животных забирают жители Петербурга, или же они **(отправляются)** в Музей Кошки, где коты могут провести **(свою)** старость в практически домашних условиях. Ежегодно весной проводится «День эрмитажного кота» — уникальный праздник в честь котов-**(служителей)** музея.

**Ceist 2. Aiste Ghearr: Feasacht Chultúrtha (30 marc)**

Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) **i Rúisis** ar cheann **amháin** de na topaicí seo thíos. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Scríobh síos teideal na haiste lena chur in iúl cén aiste atá á scríobh agat.

Bronntar marcanna ar ábhar cuí, ar úsáid teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe).

- Aisteoir cáiliúil Rúiseach/ A Famous Russian Actor/Actress / Известный русский актёр/актриса
- Cathracha na Rúise / Cities of Russia / Города России
- An Aeráid sa Rúis / Climate in Russia / Климат России
- Laethanta Saoire an Gheimhridh sa Rúis / Winter Holidays in Russia / Зимние праздники в России
- Bia Náisiúnta na Rúise / Russian National Cuisine / Русская национальная кухня

**Tabhair:**

Ábhar (C) = 10 marc
Teanga + cumas scríofa (E) = 20 marc
Nóta: Marcáil an t-ábhar agus teanga/cumas scríofa astu féin

**1. Cumarsáid/ábhar (C)**

- Tabhair marcanna don ábhar ar dtús (ex10). Ní bhronntar aon mharcanna ar fhaisnéis/ábhar nach mbaineann le hábhar.
- Bain úsáid as lúibíní cearnóga chun ábhar neamhábhartha a chur i leataobh [ … ]; ná bíodh sé san áireamh agus an cumas scríofa á mheas.
- Ní bhronnfar aon mharc ar theanga sa chás go bhfuil freagraí go hiomlán neamhábhartha nó gan aon ábhar fiúntach a bheith iontu.
- Tabhair dhá mharc ar an ábhar ar a mhéad as ráiteas nó breithiúnas tosaigh/comhthéacsúil (ní sonra fíorasach).
- Tabhair 2 mharc ar gach sonra ábhair ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).
- Ní mór d'iarrthóirí an cheist atá á freagairt acu a léiriú. Mura léiríonn iarrthóir an cheist atá á freagairt aige nó aici bain marc pionóis AMHÁIN as scór iomlán an ábhair.
- Bronn uasmhéid de 8 marc ábhair mura bpléitear ach город amháin nó праздник amháin

**2. Cumas scríofa (E)**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga.
- (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más é 5 nó níos lú an marc ar an ábhar [ach amháin sa chás inar baineadh marc pionóis agus gur laghdaigh sé na marcanna ábhair síos go 5], nó má tá an cheist ró-ghearr (níos lú ná 25 focal), marcáil an cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle ' chun é sin a chur in iúl.
- Cuir bosca cearnógach timpeall earráidí a dhéantar arís is arís eile, na gearr pionós astu arís.
- Úsáid líne chorrach chun líne a chur faoi bhotúin litrithe agus earráidí stóir focal.
- Cuir líne faoi botúin mhóra.
- Bain 1/2 mharc ó iarrthóirí a úsáideann comharthaí boga go randamach nó nach n-úsáideann comharthaí boga san aimsir láithreach nó san aimsir infinideach

| Marc | Teanga: léacsas, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| **18-20**<br><br>**E níos ísle**<br>**12-14** | Teanga shaibhir chasta, ag baint úsáid as raon leathan léacsais chuí. Oireann an ton agus an clár go hiomlán don tasc roghnaithe.<br>Beagnach foirfe ó thaobh cruinnis. Líofa, ag léiriú ardleibhéal sofaisticiúlachta agus struchtúir na teanga á láimhsiú. |
| **14-17**<br><br>**E níos ísle**<br>**10-11** | Úsáidtear réimse maith léacsais chuí, le mionearráidí léacsacha amháin. Oireann an ton agus an clár don tasc de ghnáth.<br>Cúpla earráid, de nádúr mionchúiseach den chuid is mó. Láimhsiú rathúil na teanga. Úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, agus neamart ó am go chéile. |
| **10-13**<br><br>**E níos ísle**<br>**7-9** | Úsáidtear réimse leordhóthanach ach intuartha léacsais. Roinnt earráidí suntasacha léacsacha.<br>Roinnt earráidí móra gramadaí déanta, gan cur isteach go mó ar an gcumarsáid.<br>Sásúil maidir le láimhsiú maith na teanga. Ní éiríonn i gcónaí le hiarrachtaí struchtúir chasta a láimhseáil.<br>Tá an cumas scríofa an-líofa, le leibhéal ard éagsúlachta léacsaí, comhréire agus nathaí, ach tá fadhbanna móra ag baint leis an gcruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha focal + moirfeolaíocht infhillte). |
| **6-9**<br><br>**E níos ísle**<br>**4-6** | Buneolas éigin ar léacsas ach níl éagsúlacht ann. Bíonn an léacsas míchuí go minic agus béarlachas agus focail mhíchearta ann go rialta.<br>Is minic go gcuireann earráid bhunúsach e.g. réitigh, foirmeacha briathair isteach ar an gcumarsáid.<br>Cumas teoranta teanga a láimhsiú; teanga shimplí 'aistrithe' den chuid is mó a chuireann isteach ar an gcumarsáid. |
| **1-5**<br>**E níos ísle**<br>**1-3** | Eolas agus réimse léacsais an-teoranta. Focail an-bhunúsach, mhíchuí nó mhíchearta. A lán béarlachais Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin.<br>Earráidí bunúsacha go forleathan. Gan mórán cumais an teanga a láimhsiú. |
| **0** | Eolas agus raon chomh teoranta nach féidir marc ar bith a bhronnadh. |

***Suimigh na marcanna ar chumarsáid / ábhar (C) agus ar an gcumas scríofa (E / E níos ísle) chun na marcanna iomlána a thabhairt don cheist.***

## Ceist 3. Scríbhneoireacht faoi threoir (40 marc)

Scríobh píosa leanúnach próis i Rúisis (**140 focal**) mar fhreagra ar cheann **AMHÁIN** acu seo thíos. Cinntigh go ndéanfaidh tú na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a chuimsiú i do fhreagra.

### 1. LITIR

**a)** Scríobh litir chuig do chara pinn in Éirinn faoi do phleananna tar éis na scrúduithe. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa litir do na pointí seo:

- Oscailt **(A)**
- na scrúduithe a rinne tú **(B)** agus conas a mhothaíonn tú fúthu **(C)**;
- do phleananna do shaoire an tsamhraidh **(D)**;
- do phleananna oibre agus/nó pleananna staidéir don chéad bhliain acadúil eile **(E)**;
- Críochnaigh **(F)**

**NÓ**

**b)** Scríobh litir ag fiosrú faoi thuras báid a chur in áirithe do do rang chun ceiliúradh a dhéanamh ar chríochnú ar scoil. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa litir do na pointí seo:

- Oscailt **(A)**
- Dáta **(B)** agus am **(C)** an turais;
- seirbhísí atá ar fáil ar an mbád **(D)**;
- costas an turais **(E)** agus an modh íocaíochta **(F)**;
- Críochnaigh **(G)**

### 2. SCÉALAÍOCHT

**a)** Scríobh cuntas ar sheó nó ar léiriú dráma a ndearna tú freastal air, arb é is mó a mhaireann i d'aigne

**NÓ**

**b)** Bhí glao Skype ag Alexandra (Triail Léirthuisceana, Roinn II) le cailín ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Scríobh an blag a bhí ag Alexandra faoi seo. Ba cheart na pointí seo a phlé:

- an chuma a bhí ar an gcailín ó SAM **(A)**;
- na hábhair a phléigh sibh **(B)**;
- rudaí a bhí go maith/nach raibh go maith **(C)**.

### 3. PLÉ

**a)** Déan plé ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoi chultúir éagsúla.

**NÓ**

**b)** Déan plé ar na buntáistí **(A, B)** agus ar na míbhuntáistí **(C, D)** a bhaineann le dul le post mar threoraí turais proifisiúnta.

**Tabhair:**

1. Cumarsáid + ábhar (C) = 15 mharc
2. Teanga + cumas scríofa (E) = 15 mharc
3. Comhleanúnachas téacs (TC) = 10 marc

**1. Cumarsáid + ábhar (C)**

- Tabhair marcanna don ábhar ar dtús (ex15).
- Bain úsáid as na litreacha (A - F) agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint agat agus, nuair is cuí, uimhreacha forscripte do phointí comhleanúnacha laistigh den réimse ábhair sin ($A^1$, $A^2$, $A^3$); ag deireadh an chleachtaidh taispeáin na pointí iomlána don ábhar (C = …).
- Ní thugtar aon mharc ar eolas/ábhar breise: bain úsáid as lúibíní cearnóga chun ábhar neamhábhartha a chur i leataobh […]; ná bíodh sé san áireamh agus an cumas scríofa á mheas.
- Tabhair 1 mharc ar gach sonra/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go gcuirfear sonra AMHÁIN ar a laghad ar fáil ó gach ceann de na catagóirí nuair a shonraítear sin.
- Mura dtuigtear iarrthóir na treoracha, bronn marcanna don ábhar ábhartha

**2. Cumas scríofa (E):**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más ionann an marc don ábhar agus 7 nó níos lú nó má tá an cheist róghearr (níos lú ná 60 focal), marcáil cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Cuir bosca cearnógach timpeall earráidí a dhéantar arís is arís eile, na gearr pionós astu arís.
- Úsáid líne chorrach le haghaidh botún litrithe agus earráidí stór focal.
- Cuir líne faoi botúin mhóra.
- Bain 2 mharc ó iarrthóirí a úsáideann comharthaí boga go randamach nó nach n-úsáideann comharthaí boga san aimsir láithreach nó san aimsir infinideach.

| **E Níos Ísle Ex 10** | **E Ex 15** | **Léiriú** |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | Stór focal, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn earráidí sa litriú ann, gramadach ceart tríd is tríd.<br>Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathar, aontuithe agus úsáid cheart as an aimsir… |
| **4-6** | **6-10** | Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise in úsáid, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmaid litrithe ann.<br>Ar bheagán mion-earráidí móra/iomadúla: foirmeacha briartha, tuiseal, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir.<br>Tá an cumas scríofa an-líofa, le leibhéal ard éagsúlachta léacsaí, comhréire agus nathaí, ach tá fadhbanna móra ag baint leis an gcruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha focal + moirfeolaíocht infhillte). |

| | | |
|---|---|---|
| **0-3** | **0-5** | Foclóir an-lag, agus d'fhéadfadh focail ón mBéarla a bheith ann, agus trasnaíocht ó chomhréir an Bhéarla.<br>A lán botún sa litriú, drochearráidí gramadaí: tá foirmeacha na mbriathra mícheart go ginearálta, tá na haimsirí neamhréireach, beagán aontuithe atá ceart. |

**3. Comhleanúnachas téacs:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas/comhtháthú téacs **(TC)** chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| Marc | Comhleanúnachas téacs |
|---|---|
| **9-10** | Eagraíocht den scoth. Leibhéal ard comhleanúnachais tríd. |
| **7-8** | Ábhar forbartha de ghnáth laistigh de chreat a pleanáladh go cúramach. Curtha le chéile go maith i gcoitinne ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| **5-6** | Eagrú sásúil ábhair. Forbairt smaointe neamhiomlán agus/nó gan uaillmhian Scaipthe agus/nó athráiteach uaireanta. |
| **3-4** | Cumas teoranta ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| **1-2** | Cumas an-teoranta ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Tá easpa iomlán comhleanúnachais beagnach ar an struchtúr. |
| **0** | Chomh drocheagraithe agus an oiread easpa comhleanúnachais nach féidir aon mharcanna a bhronnadh. |

Suimigh na marcanna ar chumarsáid/ábhar (C), cumas scríofa (E/ E níos ísle) agus comhleanúnachas téacs (TC) chun na marcanna iomlána a thabhairt don cheist.

## CLUASTUISCINT - 80 MARC

Ginearálta

- Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Nuair a thugann iarrthóir freagra ceart agus freagra mícheart nach dtagann lena chéile ar an gceist chéanna, cealaítear an freagra ceart leis an bhfreagra mícheart nach dtagann leis.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Ná tabhair marcanna ar eolas atá sa cheist.

**ROINN I Comhráite Gearra (20 marc)**

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1**

**1. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoin áirithint san óstán.

- curtha in áirithe faoi ainm Ivanov
- chuir sé seomra singil in áirithe
- chuir sé seomra le balcóin in áirithe
- tá an áirithint ón 10ú go dtí an 12ú Eanáir / ar feadh 2 oíche
- tá an áirithint íoctha cheana féin

**1. (ii)** Cad iad na seirbhísí eile, seachas lóistín, a sholáthraíonn an t-óstán dá chliaint? Tabhair **dhá** shonra.

- Wi-Fi saor in aisce
- bricfeasta
- Ionad aclaíochta 24 uair
- cúnamh le bagáiste

**1 mharc** Ionad aclaíochta / Wi-Fi / bialann

**Mír 2**

**2. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi na léinte a tógadh chuig na tirimghlantóirí.

- 2 léine
- léinte fir
- léinte bána
- caithfear na léinte a ní / a ghlanadh agus a iarnáil
- cosnaíonn sé 950 rúbal

**2. (ii)** Cé mhéad a chosnódh sé an gúna a thirimghlanadh?

- dhá mhíle cúig chéad rúbal

**Mír 3**

**3. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoin gcaoi a rachaidh turasóir chuig an stáisiún metro is gaire.

- siúil díreach ar aghaidh (ná cas
- siúil suas go dtí an caifé
- trasnaigh ag an gcaifé
- trasnaigh go dtí an chearnóg mhór
- úsáid an íosbhealach
- tar aníos (ón trasrian faoi thalamh) go dtí an phríomhchearnóg

**4. (ii)** Cad is ceart don turasóir a dhéanamh nuair a théann sé isteach sa stáisiún metro? Tabhair sonra **amháin**.

- ceannaigh ticéad
- aimsigh an M1/an líne dhearg
- tóg an traein go dtí an stáisiún "Tsentralnaya"/"Lárnach"
- taistil 3 stad
- tuirling ag an stáisiún "Tsentralnaya"/"Lárnach

**ROINN II AGALLAMH (20 marc)**

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1**

**1. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi Acadamh Iridan.

- is ceann de na chéad scoileanna rince Gaelach sa Rúis é / scoil rince Gaelach sa Rúis
- tá sé 20 bliain d'aois / ar an bhfód
- Tá brainsí aige i níos mó ná 10 gcathair sa Rúis
- tá grúpaí do dhaoine fásta agus do pháistí ann
- múineann siad gach cineál rince Gaelach (céimniú, teicníc bhog, rince aonair agus grúpa, rince spóirt agus stíl seó nua-aimseartha)
- agraíonn siad comórtais / ceolchoirmeacha go rialta
- glacann siad páirt in imeachtaí na cathrach
- déanann siad léirithe i dtionscadail ealaíne

**Mír 2**

**2. (i)** Cad a mheall Yelena Kholkina chuig an rince Gaelach? Tabhair **dhá** shonra.

- lán le fuinneamh
- léiríonn sé grá don saol
- lán léimeanna / eilimintí ina mbíonn an rinceoir san aer
- le ceol beo mar thionlacan

**2. (ii)** Cad iad na deiseanna a thugann an rince Gaelach do na rinceoirí? Tabhair **dhá** shonra.

- páirt a ghlacadh i gcomórtais
- taisteal ar fud an domhan
- Is féidir cairdeas a dhéanamh le daoine eile
- aithne a chur ar chultúir nua

**Mír 3**

**3. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoin gcéad tionscnamh físe a bhí ag Yelena.

- cruthaithe in 2017
- is tionscadal damhsa é
- chruthaigh sí é í féin
- thaifead sí é í féin

**3. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoin gcleachtadh don tionscnamh físe.

- tá teorainn ama ann
- Caithfidh na damhsóirí ábhar a fhoghlaim faoi ghearrfhógra
- caithfidh siad cuimhniú ar a lán gluaiseachtaí
- uaireanta fada cleachtaidh
- D'fhéadfaidís a bheith ag taifead go dtí éirí na gréine / breacadh an lae, uaireanta san oíche / lasmuigh d'uaireanta oibre
- nuair atá sé ag cur báistí / dálaí aimsir crua
- freagracht aonair agus chomhchoiteann / braitheann daoine eile ort agus braitheann tusa ar dhaoine eile

**ROINN III** **Fógra** **(20 marc)**

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1**

**1. (i)** Cén t-eispéireas ar cheart a bheith ag súil leis ón turas seo? Tabhair **trí** shonra.

- is turas aonair é
- Tá an turas sa Rúis
- cuairt a thabhairt ar chaisleáin Éireannacha / seanchaisleáin
- stair na hÉireann
- cultúr na hÉireann
- finscéalta na hÉireann
- ailtireacht na hÉireann
- taitneamh a bhaint as muirdhreacha
- bualadh le taibhse má bhíonn an t-ádh leat / b'fhéidir
- iompar i gcarr / turas i gcarr
- lón i dteach tábhairne
- atmaisféar na hÉireann sna meánaoiseanna

**1. (ii)** Tabhair sonra **amhain** faoin áit chruinnithe don turas seo.
- <u>ag bealach isteach</u> na gníomhaireachta turasóireachta / "Globus"

**Mír 2**

**2. (i)** Cad a chuireann an ticéad "Gach rud san áireamh" ar fáil? Tabhair **dhá** shonra.

- cuairt ar 10 gcrios téamacha
- cuairt gan teorainn ar gach marcaíocht / tarraingt / sleamhnán
- seónna/ siamsaíocht idirghníomhach
- bualadh le carachtair chartúin is fearr leat

**2. (ii)** Tabhair sonra **amháin** faoin bpromanáid.

- tá a sráideanna tógtha ar bhealach a mhacasamhlaíonn sráideanna cathracha éagsúla ar domhan
- is féidir leat cuairt a thabhairt ar shráideanna na Róimhe / Barcelona / Londain gan ticéad eitleáin a cheannach
- tá siopaí / bialanna / halla ceolchoirme ann

**Mír 3**

**3. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi na domplagáin

- dathanna éagsúla (bán/glas/dearg/dubh)
- líonadh éagsúla (le feoil/cáis/prátaí/portán)
- tá siad ar fad thar a bheith maith
- cócaráilte sa chistin oscailte
- cócaráiltear iad gach lá
- úr agus blasta
- praghas réasúnta

**3. (ii)** Cén tseirbhís a sholáthraíonn teach na ndomplagán dá chliaint? Tabhair sonra **amháin**.

- Ordú ar líne
- Seachadadh chun an bhaile
- Laistigh de gha 5 km
- Laistigh de 40 nóiméad

**ROINN IV** **Beathaisnéis** **(20 marc)**

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1**

**1. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi luath-óige Anton Chekhov.

- Rugadh in Taganrog é
- Rugadh é sa bhliain 1860 / 17 Eanáir 1860
- Rugadh é i dteaghlach úinéir siopa
- Bhí sé ag cabhrú lena athair sa siopa
- Chan sé i gcór na heaglaise
- Léigh sé go minic
- Thaitin sé leis breathnú ar dhaoin

**1. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoi thuras oideachais Anton Chekhov.

- ina bhlianta scoile bhí sé an-tógtha leis an amharclann
- ghlac sé páirt i ndrámaí
- thosaigh sé ag scríobh a ghearrscéalta féin
- tar éis dó céim a bhaint amach ón scoil, d'imigh sé go Moscó
- chuaigh sé isteach san ollscoil
- acmhainn leighis

**Mír 2**

**2. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi luath-shaol liteartha Anton Chekhov.

- Síníodh chéad saothair Chekhov le hainmneacha cleite éagsúla
- Mheas Chekhov go raibh a chuid saothar luatha siamsúil / gan a bheith ró-dáiríre
- scríobh sé go leor agus go tapaidh
- Foilsíodh a chéad leabhar sa bhliain 1884
- foilsíodh gearrscéalta sa bhliain 1884
- Ba bhailiúchán gearrscéalta a chéad leabhar
- 3 bliana ina dhiaidh sin, thosaigh Chekhov ag scríobh a chéad drámaí

**2. (ii)** Cad iad na tréithe a bhaineann le scríbhneoireacht Anton Chekhov?
Tabhair **dhá** shonra.

- Is é príomhthéama a shaothair saol gnáthdhaoine
- faoi dhaoine ó bhailte beaga agus ó shráidbhailte
- Tá a chuid saothar lán d'íoróin
- Tá a chuid saothar lán bróin / dúlagair
- Tá a chuid saothar lán de smaointe doimhne faoin saol
- meastar go bhfuil siad tábhachtach/suntasach sa tionscal amharclannaíochta
- Tá a chuid drámaí ar an stáitse le 100 bliain anuas

**Mír 3**

**3. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi oidhreacht Anton Chekhov.

- tá cáil air as a chuid oibre carthanachta
- scríobh sé breis is 500 gearrscéal, úrscéal agus dráma
- meastar gur clasaicí de litríocht an domhain iad a shaothar
- Tá a chuid oibre aistrithe go 92 / go leor teanga
- Tá a chuid drámaí ar stáitse na hÉireann ó 1939
- Is féidir leis an gnáth saol a bheith suimiúil do léitheoirí

# AGUISÍN 1

## Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- leagan taifeadta d'obair scríofa
- úsáid ríomhaire le saoráid seiceála litrithe cumasaithe
- úsáid scríobhaí
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach

Sa Rúisis **Ardleibhéil** i Scrúdú na hArdteistiméireachta, ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós ar earráidí sa litriú ná ar ghnéithe gramadaí áirithe.

## Léamhthuiscint agus Léiriú Scríofa

**Litriú** Ná cuir líne faoi fhocail nach bhfuil litrithe i gceart, fiú má chuireann sé as d'fhuaimniú an fhocail.

**Gramadach:** Is féidir na gnéithe gramadaí nach ngearrfar pionós orthu a mheas ach a shamhlú go bhfuil an freagra á chloisteáil agat mar thaifeadadh. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

# AGUISÍN 2: TÉACSANNA CLUAIS

## ROINN I

**Comhráite gearra** **20 marc**

**Mír 1**

**Администратор:** Здравствуйте! Добро пожаловать в нашу гостиницу!
**Клиент:** Добрый день. У меня забронирован номер на фамилию Иванов.
**Администратор:** Одну минуту, я проверю. Да, забронирован одноместный номер с балконом на 2 ночи с 10 по 12 января. Номер уже оплачен. Правильно?
**Клиент:** Да, всё верно.
**Администратор:** Отлично. Вот ваш ключ и пароль к Wi-Fi, для наших гостей он бесплатный. Позавтракать можно в нашем ресторане на первом этаже, с 7.00 до 09.30 ежедневно. Стоимость завтрака 1,000 рублей на человека. На втором этаже у нас круглосуточно открыт тренажёрный зал. Вам нужна помощь с багажом?
**Клиент:** Нет, благодарю, у меня только один чемодан – я справлюсь сам.
**Администратор:** Хорошо. Приятного пребывания в нашей гостинице!
**Клиент:** Спасибо.

**Mír 2**

**Клиент:** Здравствуйте. Я бы хотела почистить одежду.
**Сотрудник**: Добрый день. Покажите мне ваши вещи, пожалуйста. Так, у вас 2 рубашки, мужские, белые. Вам постирать и погладить?
**Клиент:** Да, пожалуйста.
**Сотрудник:** Это будет стоить 950 рублей. Что-нибудь ещё?
**Клиент:** Да, у меня ещё есть вечернее шёлковое платье. Я боюсь, что оно совсем испорчено – вот здесь на рукаве огромное пятно.
**Сотрудник:** Хм, здесь трудное пятно и надо будет поработать, но, я думаю, мы сможем вам помочь. Почистить это платье будет стоить две с половиной тысячи рублей. Ваш заказ будет готов через 3 дня.
**Клиент:** Спасибо, давайте оформим заказ.

**Mír 3**

**Студент:** Добрый день. Извините, вы не подскажете, как дойти до ближайшей станции метро? Я приехал из Ирландии и совсем не знаю города.
**Прохожий:** Идите прямо по проспекту Дружбы, никуда не сворачивая, до кафе «Меридиан». Возле него перейдёте дорогу по подземному переходу и выйдете на главную площадь. Там увидите вход в метро.
**Студент:** Хорошо. А если я хочу посетить исторический музей? Как мне туда добраться?
**Прохожий:** Вам нужна станция «Центральная» на красной линии М1. Вы входите в метро и покупаете билет. Потом садитесь в поезд и едете три остановки.
**Студент:** Большое спасибо, постараюсь не заблудиться.

**ROINN II**

**Agallamh** **20 marc**

**Mír 1**

Елена Холкина,  профессиональная танцовщица ирландских танцев, хореограф и видеограф.

**Елена, расскажите, пожалуйста, подробнее о вашей танцевальной школе.**

Iridan Academy считается одной из первых школ ирландского танца а России, ей уже 20 лет. У нас есть филиалы в более чем 10 городах России.  В школе есть взрослые и детские группы. Мы обучаем всем видам ирландского танца: степу, мягкой технике, сольным и групповым танцам, спортивной традиции и современному шоу-стилю. Мы регулярно проводим соревнования, даём концерты, участвуем в городских мероприятиях, а также делаем творческие проекты.

**Mír 2**

**Почему вы выбрали именно ирландские танцы?**

Эти танцы полны энергии, и в них  демонстрируется любовь к жизни. В них много прыжков и элементов, где танцор проводит время в воздухе. Особенность танцев заключается в том, что они проходят на фоне живой музыки.

**В чём, по вашему, кроется секрет популярности этих танцев?**

Ирландские танцы – это и шоу, и спорт, и часть национальной культуры. Они позволяют участвовать в международных соревнованиях, открывают возможности путешествовать по всему миру, встречать новых друзей и знакомиться с другими культурами.

**Mír 3**

**А сейчас хотелось бы побольше узнать о ваших видеопроектах.**

Своё первое танцевальное видео я придумала и сняла́ в 2017 году. С тех пор я сняла́ уже более 15 видео. В некоторых я была видеографом, а в других – я танцевала сама. Мне нравится креативный аспект танца: работа с современной музыкой, нестандартные постановки, возможность выражать эмоций в танце.

**В чём заключаются особенности работы с  видеопроектами?**

В видеопроектах у нас не так много времени на репетиции, поэтому танцоры должны учить новый материал за короткий срок и запоминать много движений.  Репетиции могут длиться долго. Иногда мы снимаем до восхода солнца, иногда — ночью, или в дождь. И на репетициях, и на съёмках от тебя зависят другие люди и ты, в свою очередь, зависишь от них.

**ROINN III**

**Fógraíocht** **20 marc**

**Mír 1**

Индивидуальная экскурсия на русском языке по замкам графства Дублин.
Чтобы почувствовать атмосферу средневековой Ирландии, необязательно уезжать далеко от города. Наше путешествие на автомобиле познакомит вас с замками, которым несколько сотен лет. Вы узнаете много интересного об истории Ирландии, её культуре, старинных легендах и архитектуре. Насладитесь морскими пейзажами и, если повезёт, встретите настоящее привидение! Стоимость поездки €270. На обед мы остановимся в традиционном ирландском пабе. Экскурсия начинается у входа в турагентство «Глобус» в 9 часов утра.

**Mír 2**

«Остров Мечты» – это крупнейший тематический парк развлечений не только в Москве, но и в Европе. Здесь есть абсолютно всё для незабываемого отдыха! Покупайте билеты онлайн, получайте бонусы и оплачивайте ими половину стоимости своих следующих покупок. Билет «Всё включено» позволяет посетить 10 тематических зон, а также все аттракционы неограниченное количество раз. Вас ждут яркие шоу-программы, интерактивные развлечения и встреча с героями любимых мультфильмов!
Также на «Острове Мечты» есть прекрасный парк и городской променад с магазинами, ресторанами и концертным залом. В этой зоне можно увидеть улицы, которые своей архитектурой напоминают разные города мира. Вы сможете побывать в Риме, Барселоне, Лондоне, не покупая билет на самолёт!

**Mír 3**

«Лепим и Варим» —это сеть современных пельменных, где каждый день на открытой кухне готовят удивительные пельмени. Белые и зелёные, красные и чёрные, с мясом, сыром, креветками или крабом. Они очень разные, но все чудо как хороши! Приходите и попробуйте, какими могут быть пельмени. Мы очень любим своё дело и верим, что делаем мир лучше, предлагая нашим гостям вкусную и свежую еду по честным ценам. Нет времени посетить нашу пельменную? Закажите их онлайн, и мы доставим ваши любимые пельмени на дом в радиусе пяти километров в течении сорока минут.

**ROINN IV**

**Beathaisnéis** **20 marc**

**Mír 1**

Антон Павлович Чехов – один из самых известных русских писателей и драматургов. Он родился в Таганроге 17 января 1860 года в семье торговца. С ранних лет вместе с братьями Антон помогал отцу торговать, пел в церковном хоре, много читал и любил наблюдать за людьми.
В школьные годы Чехов стал большим поклонником театра и принимал участие в любительских спектаклях. Ещё во время учёбы он начал писать короткие рассказы. Закончив гимназию, Чехов  уехал в Москву и поступил в университет на медицинский факультет. После этого он стал заниматься врачебной практикой.

**Mír 2**

Первые произведения Чехов считал развлекательными, не очень серьёзными и подписывал их разными псевдонимами. Он писал много и быстро, и уже в 1884 году выходит его первая книга – сборник рассказов, а через три года Чехов начал пробовать себя в драматургии.

Его пьесы, такие как «Чайка», «Дядя Ваня», «Три сестры» и «Вишнёвый сад», стали важными событиями в театральной жизни и уже более 100 лет не сходят со сцен мировых театров.

Одна из главных тем в произведениях Чехова — это жизнь простых людей в маленьких городах и деревнях. Его произведения полны иронии, грусти и глубоких мыслей о жизни. Он был одним из первых писателей, который показал, что обычные жизненные события тоже могут быть интересны для читателей.

**Mír 3**

Всю свою жизнь Чехов много занимался благотворительностью, работал врачом и много писал. Антон Павлович умер в 44 года от туберкулёза. За свою короткую жизнь он стал автором более 500 рассказов, повестéй и пьес. Произведения Чехова признаны классикой мировой литературы и переведены на 92 языка мира: испанский, немецкий, французский, норвежский и другие. Начиная с 1939 года пьесы Чехова регулярно ставятся на ирландской театральной сцене.